



An Roinn Oideachais
Department of Education


Ag tacú le comhoibriú le tuismitheoirí i mbunscoileanna


Samhain 2020


D'aithin scoileanna riamh an gá atá le cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach le tuismitheoirí agus ó mhí an Mhárta 2020 i leith, bhí siad an-chruthaitheach agus inoiriúnaithe chun é seo a éascú. Agus an scoilbhliain 2020/2021 ag dul ar aghaidh, ba thábhachtach go leanfaidh scoileanna ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí. Beidh scoileanna ag iarraidh ach go háirithe modhanna malartacha a sholáthar chun cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a reáchtáil, lena n-áirítear cruinnithe le tuismitheoirí a bhfuil páistí acu le riachtanais speisialta oideachais (RSO). Féadfaidh siad a ngnáthmhodhanna a chur in oiriúint freisin do laethanta oscailte agus do rannpháirtíocht tuismitheoirí san oideachas. Tá eolas sna sonraí thíos faoi roinnt smaointe chun tacú le scoileanna sna hiarrachtaí seo, agus tá siad bunaithe ar chleachtas a forbraíodh cheana i scoileanna le sé mhí anuas.

Cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí, lena n-áirítear cruinnithe plean tacaíochta do pháistí le RSO

Tá tábhacht ag baint le cruinnithe bliantúla idir tuismitheoirí agus múinteoirí chun tuismitheoirí a uasdátú ar dhul chun cinn na ndaltaí, chun éachtaí agus imní a roinnt agus chun tacú le tuismitheoirí cuidiú lena gcuid páistí foghlaim. Leanfaidh cruinnithe rialta le tuismitheoirí faoi phleananna tacaíochta do pháistí le RSO a bheith tábhachtach i mbliana. Is féidir faisnéis ábhartha a roinnt, lena n-áirítear dréachtphleananna agus samplaí oibre a sheoladh chuig tuismitheoirí roimh chruinnithe ag úsáid ríomhphoist nó ardán digiteach na scoile, chun plé a éascú. Féadfaidh scoileanna a ngnáthchruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a sceidealú níos déanaí sa scoilbhliain i mbliana. De réir mar a mholann comhairle sláinte poiblí gur chóir teagmhálacha sóisialta a laghdú, d'fhéadfaí na modhanna seo a leanas a úsáid in ionad na ngnáthchruinnithe duine le duine:

 Is féidir áiseanna físchomhdhála a úsáid áit atá siad ar fáil, in áit cruinnithe duine le duine.

 Is féidir cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a reáchtáil ar an bhfón mura bhfuil áiseanna físchomhdhála oiriúnach.

 Is féidir tuarascáil i scríbhinn a sholáthar i lár na bliana mar aon le tuairisc deireadh bliana agus glao leantach a thairscint leo.

Laethanta oscailte



Roghnaíonn roinnt scoileanna laethanta oscailte a sholáthar i rith na scoilbhliana. In áit cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí teacht isteach i bhfoirgneamh na scoile, d'fhéadfaí na smaointe seo a leanas a úsáid chun léargas a thabhairt do thuismitheoirí reatha agus ionchasacha ar shaol na scoile:



Físeáin ghairide ina ndéantar ceiliúradh ar obair na scoile



Leabhráin faisnéise ina léirítear gnéithe éagsúla de shaol na scoile



D'fhéadfaí obair na scoile a thaispeáint ar shuíomh gréasáin na scoile

Rannpháirtíocht tuismitheoirí a éascú



Is féidir le scoileanna ardáin dhigiteacha mar Seesaw, Google Classroom, ríomhphoist a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí.



Féadtar tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí cuidiú lena gcuid páistí foghlaim ón mbaile, le hacmhainní agus treoir a sholáthraíonn an scoil.



Is féidir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí cur leis an bhfoghlaim trí nasc físe, mar shampla, seó agus insint, am scéalaíochta, taispeántais.